



Cumann Peile Naomh Anna

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Seo an cúigiú heagrán den nuachtlitir ina ndéanfar cur síos ar ghnóthaí reatha sa gcumann chomh maith le scéalta suimiúla a bhaineann leis an gclub. Tá súil againn an nuachtlitir seo a fhoilsiú go rialta agus é a chur ar fáil daoibhse, pobal an Chumainn Peile. Ba bhreá linn cloistéal uaibh, bígf i dteagmháil linn ag nuachtlitir@naomhanna.ie

Nuachtlitir: Eagrán 5

Meán Fómhair

Craobh Faoi 17 C an Iarthair tugtha leo ag Naomh Anna, Leitir Móir

Naomh Anna, Leitir Móir 3-13

Naomh Feichín, An Clochán 1-16

Tús maith leath na hoibre agus buann cúil cluichí, dhá ráiteas a chloistear go minic agus nach iad a bhí fíor faoi chluiche ceannais Craobh Faoi 17 C an Iarthair a imríodh in Uachtar Ard ar an Satharn, 11 Meán Fómhair, nuair a fuair leaids óga Naomh Anna, Leitir Móir an ceann is fearr ar Naomh Feichín, An Clochán. Ní raibh caite ar an gclog ach nóiméad nuair a scóráil Maidhle Mac Donnacha cúil chun an-tús a chur le himirt leaids na nOileán. Ach throid Naomh Feichín ar ais go láidir agus bhí siad dhá phointe chun cinn tar éis seacht nóiméad nuair a scóráil príomhscórálaí An Chlocháin, Cillian Ó Gionnáin, cúil dóibh le cur leis an dá phointe a fuair sé roimhe sin. Chríochnaigh Ó Gionnáin an cluiche le 1-10 agus bhí an-choimhlint idir é agus Fionn Mac Donnacha, a chríochnaigh le 0-10. Chuir an cúil a scóráil Rónán Ó Droighneáin tar éis ceathrú huaire na foirne ar chomhscór, 2-2 le 1-5. Idir sin agus leathama bhabhtáil na foirne pointí le deireadh a chur leis an leath cothrom, 2-6 le 1-9. Chomh maith le Fionn, scóráil Ciarán Mac Donnacha agus Ciarán Ó Catháin pointí do na buaiteoirí.

Ní raibh dada idir na foirne sa dara leath agus iad ag babhtáil pointí le fanacht cothrom agus muid ag teacht le deireadh na huaire. Nuair a scóráil Oisín Ó Cualáin pointe chun an cluiche a chothromú agus muid ag dul isteach sa nóiméad deiridh den chluiche bhí an chuma ar an scéal go mbeadh am breise ag teastáil chun buaiteoir a fháil agus bhí ionsaí amháin eile fanta i leaids na ngeansaithe dubha agus nuair a cuireadh an liathróid trasna cúil an Chlocháin, bhí Rónán Ó Droighneáin ansin chun an liathróid a bhá san eangach agus an cúil buacach a fháil do leaids na nOileán, 3-13 le 1-16. Scóráil Fionn Mac Donnacha 0-10, Rónán Ó Droighneáin 2-0, Maidhle Mac Donnacha 1-0, Ciarán Ó Catháin, Ciarán Mac Donnacha agus Oisín Ó Cualáin 0-1.

Tá siad tríd go dtí cluiche ceannais an chontae ach ní fios fós cé a chasfar orthu ansin. Ach go dtí sin bainfidh siad sásamh as an gceiliúradh. Comhghairdeas leo!



Mná Sóisir

Bhí bua iontach ag an bhfoireann Sóisir sa gcluiche ceannais don Sciath Sóisear Roinn 7 Galway Ladies Football lena mbua ar Uachtar Ard ar an Máimín ar an Domhnach, 12 Meán Fómhair.

Naomh Anna, Leitir Móir 1-10 (Clíona Ní Laoi 1-3, Aoibhín Ní Thuathail 0-3, Nóra Ní Ógáin 0-3, Edel dePaor 0-1) Uachtar Ard 1-7



7-an-taobh i gcuimhne ar Chonor Ó Dubháin

Thaistil Colman Mac Donnacha agus a chuid imreoirí Sóisear C anonn go Bristol, Sasana an deireadh seachtaine seo caite chun páirt a ghlacadh sa gcéad chomórtas 7-an-taobh eagraithe ag Cumann Lúthchleas Gael Naomh Nioclás i gcuimhne ar Chonor Ó Dubháin, leaid óg de bhunadh Dóirín Glas i Leitir Móir a bhásaigh go tragóideach ar an 18 Aibreán 2021.



fhoireann Sinsear sa gcluiche ceannais. <https://stnicksgaa.co.uk/conor-odubhain-memorial-gaa-7s-tournament/>

Bíonn Lá Domhanda um Fhéinmharú a chosc ann gach bliain ar an 10 Meán Fómhair, feachtas chun aird a tharraingt ar an bhféinmharú. Má bhíonn aon chabhair ó aon duine agaibh amuigh ansin, déanann sé maith labhairt faoi le daoine eile nó tacaíocht a chuardach ó na daoine i Pieta ag <https://www.pieta.ie/>

Galf Chumann Oileáin Chonamara, Eanách Mheáin i gCluiche Leathcheannais na hÉireann



Tá áit bainte amach i gcluiche leathcheannais na hÉireann ag foireann Sinsear (os cionn 55 bliain d'aois) Galf Chumann Oileáin Chonamara sa Chomórtas Fred Perry Trophy, tar éis a mbua ar fhoireann An Teampall Mhóir as Tiobraid Árann leis an scór 3/2 i gcluiche ceathrú ceannais na hÉireann ar Ghalf Chúrsa Knightsbrook, Áth Troim le déanaí. Seo an

chéad uair ag an gCumann ionadaíocht a dhéanamh ar son Chonnacht i gComórtas Náisiúnta. Foireann eile as Tiobraid Árann, An tAonach a bheidh siad a imirt sa chluiche leathcheannais a imreofar ar Ghalf Chúrsa An Leathrois, i gCo. Shligigh ar an Déardaoin 30 Meán Fómhair. Go dtí seo bhí an bua ag an gCumann ar na Galf Chumainn seo a leanas: Creig Mór 4/1; Uachtar Ard 3/2; An Gort 3.5/1/5 (curaí na hÉireann 2019); An Dún Mór 3/2 agus An Leathros 4/1 i gCluiche Ceannais Chonnachta. Tá cúigear d'iar-imreoirí Naomh Anna ar an bpainéal, siad sin Uinseoinn Ó Lorcáin, Conor Ó Máille, Pat Choilimín Ó Conghaile, Johnny Ó Cualáin agus Stephen Ó Cualáin, na daoine eile atá ar an bpainéal ná Liam Ó Maolaodha, Dónal Standún, Éamonn Ó Briain, Noel Ó Tighearnaigh, Michéal Ó Braonáin, Seosamh Ó Cualáin agus Joe Geoghegan. 'Sé Michéal Ó Cartúir as Doire an Fhéich Captaen na Foirne.

Sa phictiúr thuas tá Jimmy Duggan (iar-pheileadóir na Gaillimhe) Cathaoirleach Chonnachta de Golf Ireland ag bronnadh Gradam Chonnachta ar Mhicheál Ó Cartúir, Captaen na Foirne.



5KM/10KM ROTHÁÍOCHT

5KM

5KM CHEANTAR NA NOILEÁN

Rása Bóhair 5k Cheantar Na nOileán Dé Sathairn 30ú Deireadh Fómhair. Ag Tosú ag Camhairle Ceantar Na nOileán ag 3.30i.n. Clárú roimh réidh online www.sportlannbooking.com

10KM

10KM CHEANTAR NA NOILEÁN

Rása Bóhair 10k Cheantar Na nOileán Dé Sathairn 30ú Deireadh Fómhair. Ag Tosú ag Sáipéil Tír An Fhio ag 3.00i.n. Clárú roimh réidh online www.sportlannbooking.com



ROTHÁÍOCHT 69KM

Céim nua curtha leis an rása i mbliana le rothaíocht 69km. Ag tosú ag Spótlann Naomh Anna ag 12.00i.n ag labhairt ar naghaidh ar chossbáthar Ros a mhíl, siar ar An gcheathrú rua agus siar camh fad le Laitimallán & ag críochnú ar ais ag an Spótlann



ROTHÁÍOCHT 69KM & 5KM

Ag tarraicidh níos mó - bain triail as an 5KM & an rothaíocht le chéile. Ag tosú leis an rothaíocht ag 12.00i.n Clárú roimh réidh ag www.sportlannbooking.com

WWW.SPORTLANNBOOKING.COM

Dá bharr srainn Covid - 19 níl feidir linn aon chlarú a dhéanamh ar an lá. Mar sin is clárú online amháin aná i gceist ag suaimh na spóirtáin

www.sportlannbooking.com



Na fáthanna go bhfuil aclaíocht tábhachtach don Mheabhairshláinte

- Cabhraíonn sí le strus a laghdú
- Cuireann sí giúmar níos fearr ort
- Bíonn deis agat labhairt le daoine eile
- Méadaíonn sí féinmhuinín
- Múineann sí ceachtanna saoil tábhachtacha duit
- Cuireann sí borradh faoi do chruthaitheacht
- Feabhsaíonn sí feidhmiú cognaíoch
- Forbraíonn sí athléimneacht
- Cuireann sí obair foirne chun cinn
- Cabhraíonn sí le caidrimh a fhorbairt
- Cabhraíonn sí le codladh a fheabhsú
- Mothaíonn tú níos suaimhní
- Laghdaíonn sí teannas i do chorp
- Braitheann tú go bhfuil rud éigin bainte amach agat
- Tá sí taitneamhach agus spraíúil

Chun tuilleadh eolais a fháil glaoigh ar an bhfáiltiú ar 091551673

Nó téigh chuig www.sportlannbooking.com



GASÚIR NA SPÓRTLAINNE



GLEACAÍOCHT

€48 LE HAGHAIDH 6 SEACHTAINÍ DÉ MÁIRT

BADMANTAN

€18 LE HAGHAIDH 6 SEACHTAINÍ DÉ CÉADAIOIN

LÚTHCHLEASAÍOCHT

€48 LE HAGHAIDH 6 SEACHTAINÍ DÉARDAIOIN



AG TOSÚ AN 21ú MEÁN FÓMHAIR

€100 AR AN 3 RANG

GLAOIGH AR 091551673 LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAS

BÍ ACLÁI ARÍS

BALLRAÍOCHT BLIANA AR €299 NUAIR A THUGANN TÚ AN BILEOIGÍN SEO CHUIG AN BHFÁILTÍÚ



NA RUDAÍ A CHUIRIMID AR FÁIL:

- TRAENÁLAÍ PEARSANTA
- CLÁR ACLÁÍOCHTA
- TRAENÁIL MEÁCHAIN
- TRAENÁIL CHAIRDIACH
- OS CIONN 35 RANG ACLÁÍOCHTA SA TSEACHTAIN
- RANGANNA DO GHASÚIR

TAIRISINT AR FÁIL DO MHEÁN FÓMHAIR AGUS DEIREADH FÓMHAIR AMHÁIN.

BAINEANN SÉ LE BALLRAÍOCHT BLIANA DUINE FÁSTA AMHÁIN.

Caitheadh samhradh chruógach ar Pháirc a' Mháimín i mbliana agus scór foireann idir fhir agus mhná, chailíní agus bhuachaillí ag glacadh páirt i gcomórtais. Ní tharlódh sé ar ndóigh murach obair mhór agus bainisteoirí, roghnóirí, cóitseálaithe agus maoir Covid ag tabhairt a gcuid ama go fonnmar agus go deonach. Ba mhaith leis an gcumann buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a chabhraigh chun na foirne a réiteach agus a thug cúnamh an an bpáirc agus na háiseanna a choinneáil i gcaoi. Tá aitheantas mór ag dul do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí a bhí comhoibríoch agus cuiditheach ar feadh na bliana, amanta nach raibh éasca de bharr dúshláin Covid-19. Ag an tráth seo tá roinnt mhaith de na foirne faoi aois ag cur críoch leis an séasúr imeartha. Cuireann na daoine óga seo uilig go mór le rath agus spiorad an chlub i gcónaí agus molaimid iarracht chuile dhuine idir óg agus shean a imríonn i ngeansaí an chumainn. Guíonn muid chuile rath freisin ar na foirne fear agus ban atá ag cur tús le himirt sna comórtais craoibhe as seo go ceann cúpla seachtain.

Bhí agus tá srianta orainn go fóill ó thaobh sábháilteacht Covid -19 ach tá dóchas ann anois go gearr go mbeidh muid in ann cruinnithe aghaidh ar aghaidh a bheith againn seachas ar Zoom, go mbeidh muid in ann imeachtaí sóisialta a eagrú le tacú leis an gcumann agus go mbeidh muid ne an pobal seo, ag réiteach do Chomórtas Peile na Gaeltachta. Beidh muid ag tabhairt na ngrúpaí agus na meithleacha oibre a bhí ag obair go crua ar phleanáil don Chomórtas in 2020 ar ais le chéile go luath agus ag cur fáilte i gcónaí roimh aon duine a bheidh sásta cúnamh breise a thabhairt.

Ní neart go cur le chéile

Freagraí na míosa seo caite

1. Cén imreoir de chuid CPNA a bhuaigh Craobh na hÉireann le Gaillimh i 1998? – Micheal Mac Eochagáin
2. Cérbh é captaen an fhoireann mionúir nuair a bhuaigh siad i 2001? – Pádraig Óg Bairéad
3. Cé a bhuaigh an Craobh Shinsir i gComórtas Peile na Gaeltachta ar an Máimín i 2002? – Gaoth Dobhair
4. Cén bhliain ar thug an cumann cuairt ar Chicago agus ar Bhostún? – 2004
5. Cén imreoir de chuid CPNA a bhuaigh Craobh na hÉireann le Gaillimh i 2004? – Philomena Ní Fhlátharta
6. Cén iar-chathaoirleach ar bronnadh Pearsa na Bliana Bhord Peile Iarthar na Gaillimhe air i 2006? – Máirtín Ó Conghaile
7. Cé méid uair ar thug Mná Chonamara leo Craobh Shinsir Peile na Gaeltachta? - 4
8. Cén dáta ar oscail Spórtlann Mhicheal Mhóir? - 9 Meitheamh 2007

Lean muid ar na meáin shóisialta nó bíonn go leor eolais ar fáil ar an suíomh

www.naonhanna.ie

Tá muid ar:



Scéalta Suimiúla an Chumainn

Má ritheann aon smaointe/ nuacht faoin gclub nó sean scéalta ar mhaith libh a inseacht nó a fheiceáil in san nuachtlitir seo, bígí i dteagmháil linn. nuachtlitir@naonhanna.ie

Nó má tá aon phictúir agaibh de shaol na peile a tógadh le gairid nó siar sna blianta, ba bhreá linn iad a fheiceáil!